Comórtas Fógraíochta

Do Mhic Léinn Dara & Tríú Leibhéal

Tá TG4 agus Foinse ag cabhrú le Bliain na Gaeilge le fógra teilifíse a chur le chéile don bhliain <u>agus ba mhaith linn bhur moltaí don fhógra sin!</u>

Is deis iontach í seo do mhic léinn sna meánscoileanna agus sa tríú leibhéal páirt a ghlacadh i gcomórtas náisiúnta, scileanna cumarsáide a fhorbairt agus duaiseanna iontacha a bhaint amach atá curtha ar fáil ag Foinse.ie agus TG4.

Céard atá le déanamh?

- Fógra teilifíse do Bhliain na Gaeilge 2013 a thaifeadadh le físcheamara, fón póca (bain úsáid as an *cód qr* trasna más mian libh), ipad nó eile, agus an físeán a uaslódáil go www.foinse.ie/bng
  (ní gá a bheith róbhuartha faoi chaighdeán an taifid.
  Is é an coincheap taobh thiar den fhógra an rud is tábhachtaí)
- Cur síos idir 100 agus 200 focal a scríobh maidir leis an bhfógra agus é a chur chugainn leis an bhfíseán ag www.foinse.ie/bng
- Nó cuir an físeán agus an cur síos chuig: Comórtas Fógraíochta, Bliain na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Céard é an Spriocdháta?

- Is é an **Aoine, 30 Samhain 2012, ag 12.00i.n.** an spriocdháta don chomórtas (is féidir na hiarratais a uaslódáil nó a sheoladh chugainn ó 1 Samhain ar aghaidh)

Forbhreathnú an Fhógra:

- 20 soicind ar fad
- Dátheangach nó as Gaeilge amháin
- Oiriúnach do na meáin shóisialta agus físeán mearscaipthe
- Féidearthacht í a úsáid ar an teilifís
- Táthar ag lorg cruthaitheachta chun aird an lucht féachana a ardú agus íomhá nua-aimseartha a léiriú faoi Bhliain na Gaeilge agus an Ghaeilge féin
- Caithfidh na físeáin a bheith níos lú ná 20MB

Duaiseanna don fhógra is fearr:

- €500 urraithe ag Foinse
- Déanfaidh TG4 an fógra a thaifeadadh go proifisiúnta leis an mbuaiteoir

Eolas breise:

Is féidir aon eolas breise faoin bhfógra féin nó faoin gcomórtas a lorg ó Chonradh na Gaeilge ag comortas@cnag.ie nó 00353 (0)1 4757401

2013 Bliain na Gaeilge
Bigí Linn - Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie

Céard í Bliain na Gaeilge?

Beimid ag ceiliúradh na Gaeilge in 2013 ar fud an oileáin agus ag cur na mílte deiseanna úsáide Gaeilge ar fáil don dá mhilliún duine sa phobal a bhfuil Gaeilge ar leibhéil éagsúla acu, chomh maith le daoine a mhealladh leis an nGaeilge a fhoghlaim. Beidh idir imeachtaí náisiúnta, imeachtaí sa phobal, comórtais agus tionscadail nua Ghaeilge ar siúl i rith na bliana.

Cén fáth 2013?

Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge in 1893 le bunú Chonradh na Gaeilge. In 2013 beimid ag tabhairt aitheantais don dul chun cinn ar fad atá déanta le 120 bliain anuas ag na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, na scoileanna agus grúpaí eile ó shin i leith leis an nGaeilge a chaomhnú, a bhuanú agus a chur chun cinn.

2013 Bliain na Gaeilge
Bigí Linn - Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie

TG 4

Foinse.ie
Príomhshuíomh Náisiúnta na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Television Advert Competition

For Second and Third Level Students

TG4 and Foinse are helping Bliain na Gaeilge to put a television advert together for the year <u>and we want your ideas for the advert!</u>

This is a great opportunity for students in second and in third level to take part in a national competition, develop communication skills and win fantastic prizes from TG4 and Foinse.ie

What do you need to do?

- Record a television advert for Bliain na Gaeilge 2013 with a video camera, mobile phone (you can use the qr code beside this if you want), ipad or other and upload the video to www.foinse.ie/bng
  (you don't need to worry too much about the quality of the recording. The concept behind the advert will be the most important factor)
- Write 100 to 200 words describing the advert and submit them with the video to www.foinse.ie/bng
- <u>Or</u> send the video and the descriptions to: Comórtas Fógraíochta, Bliain na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

What is the deadline for entry?

- Friday, 30th of November 2012, at 12.00p.m. is the deadline for the competition. (you can upload or send your entries to us from the 1st of November onwards)

Overview of the advert:

- 20 seconds in length
- Bilingual or in Irish only
- Suitable for social media and as a viral video
- Possibility to use it on the television
- We are looking for a creative video which will increase viewers' attention and give Bliain na Gaeilge and the Irish language itself a modern image
- All videos must be under 20MB

Prizes for the best advert:

- €500 sponsored by Foinse
- TG4 will record the winning entry professionally with the winner

Additional information:

You can get more information with regard to the advert or the competition from Conradh na Gaeilge at comortas@cnag.ie or 00353 (0)1 4757401

2013 Bliain na Gaeilge
Bigi Linn – Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie

What is Bliain na Gaeilge?

We will be celebrating the Irish language in 2013 throughout the island of Ireland and providing thousands of opportunities to use the language to the two million people who have Irish, no matter what level they have We will also be encouraging people to learn Irish. There will be national events, local events, competitions and new Irish language projects organised through the year.

Why 2013?

The revival of the Irish language started in 1893 with the establishment of Conradh na Gaeilge. In 2013 we will be recognising the progress made over the last 120 years by Irish language and Gaeltacht organisations, schools and other groups in preserving, reviving and promoting the language.

2013 Bliain na Gaeilge
Bigi Linn – Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie

TG 4

Foinse.ie
Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

Le cabhair ó Foras na Gaeilge